

Oifigeach Forbartha Gaeilge

Is Baile Seirbhíse Gaeltachta é Leitir Ceanainn agus is í Líonra Leitir Ceanainn an eagraíocht atá freagrach as Plean Teanga Leitir Ceanainn a chur i bhfeidhm. Ullmhaíodh an plean mar chuid den phróiseas pleanála teanga agus i gcomhréir le forálacha Acht na Gaeltachta 2012. Is plean seacht mbliana atá i gceist a bhfuil d'aidhm aige cur leis an líon cainteoirí laethúla Gaeilge i Leitir Ceanainn. Tá Comhordaitheoir Pleanála Teanga ar fostú ag an eagraíocht cheana agus anois faoi Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge de chuid Fhoras na Gaeilge tá Oifigeach Forbartha Gaeilge le hearcú.

Duine cumasach a bhfuil taithí aige/aici i réimse oibre forbartha pobail agus pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar atá a lorg.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine leis an taithí agus na cáilíochtaí seo a leanas:

Critéir Riachtanach

Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa

Tuiscint agus taithí mhaith ar obair forbartha pobail, ar chúrsaí pleanála teanga agus i bplé le coistí / struchtúir pobail

Tuiscint agus eolas maith ar cheantair Ghaeltachta Dhún na nGall agus na limistéir pleanála teanga sa chontae

Bheith ábalta feidhmiú mar bhall foirne

Táithí i mbainistiú agus i gcur i gcrích tionscadail

Scileanna maithe cumarsáide, ríomhaireachta, áisitheoireachta, comhordaithe agus idirphearsanta

Eolas agus taithí ar bhainistiú airgeadais

Critéir Inmhianaithe

Cáilíocht abartha tríú leibhéal sa réimse forbartha pobail nó pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar

Is post ar chonradh atá á thairiscint a mhairfidh suas le trí bliana agus beidh an té a cheapfar ag obair i gcuideachta leis an Chomhordaitheoir Pleanála Teanga agus freagrach ach go háirithe as chur i bhfeidhm bearta forbartha pobail a bhaineann le Plean Teanga Leitir Ceanainn. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag Líonra Leitir Ceanainn agus freagrach don Cheanneagraíocht maidir le clár oibre aontaithe á fheidhmiú.

Tá plean teanga Leitir Ceanainn le fáil ar shuíomh gréasáin Líonra Leitir Ceanainn ag <https://www.lionralc.ie>

Beidh an té a cheapfar sa phost lonnaithe i mbaile Leitir Ceanainn. Beidh taisteal i gceist leis an phost, mar sin ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána oiriúnach a bheith acu agus teacht ar ghluaisteán.

Tá scala tuarastail Oifigeach Feidhmiúcháin ag gabhail leis an phost ag tosú ar €31,384

Seol iarratas mar aon le Curriculum Vitae trí ríomhphost chuig lionralc@gmail.com

Spriocdháta le haghaidh iarratais ná 12:00 ar an Aoine 3 Nollaig agus beidh na hagallaimh ar siúl i Leitir Ceanainn le linn na seachtaine ag tosú 13 Nollaig.

Tá an post seo a mhaoiniú ag